An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0045/2019**

**Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí, Baill Foirne Teagaisc na mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Curaclam Teanga na Bunscoile**

**Céimeanna 1–4 (naíonáin sóisir go dtí rang a sé)**

**Tacaíocht agus Cur i bhFeidhm**

## 1. Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (CTB/PLC), Céimeanna 1–4, lena n-áirítear suíomhanna speisialta, as Béarla agus as Gaeilge, ar fáil ar líne anois do mhúinteoirí agus scoileanna chun rochtain a dhéanamh orthu ag www.curriculumonline.ie/Primary?lang=ga-ie. Beidh cóip chrua den churaclam, ar fáil do gach múinteoir, sna scoileanna i gceann roinnt seachtainí.

Cuireadh tús leis an CTB/PLC ar bhonn céimnithe ó mhí Mheán Fómhair 2016. Le trí bliana anuas, bhí múinteoirí ag obair leis an gcuraclam i ranganna na Naíonán Sóisear go dtí Rang a dó. Bhí an Roinn Oideachais agus Scileanna, a seirbhísí tacaíochta agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i dteagmháil le ceannairí scoile agus le múinteoirí agus iad ag dul i dtaithí ar an gcuraclam nua agus tús á chur lena chur i bhfeidhm ina seomraí ranga. Leag an teagmháil seo, go háirithe, trí Líonra Teanga Bunscoile an CNCM, béim ar an ngá a bhí ann le feabhsuithe a dhéanamh ar dhoiciméad an churaclaim.

D'fhreagair an Roinn agus CNCM don aiseolas agus cuireadh doiciméad curaclaim nuashonraithe ar fáil do dhaltaí ar gach leibhéal cumais i mbunscoileanna, ó ranganna na Naíonán Sóisear go dtí Rang a sé, céimeanna 1–4, i scoileanna Bhéarla, i scoileanna Gaeltachta, i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna speisialta. Bhí athruithe móra agus nuálacha déanta ar an leagan amach, an cur i láthair agus ar an ábhar, agus mar thoradh air sin is

**Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96**
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2193 | cap@education.gov.ie
www.education.ie

doiciméad níos eagraithe agus níos inrochtana é atá deartha lena chinntiú go bhfaighidh leanaí na coincheapa, scileanna agus meonta atá ag teastáil de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn ar scoil.

Curaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum (CTB/PLC):

- Tá sé ann do **gach** rang, ó naíonáin sóisir go dtí ang a sé agus do shuíomhanna speisialta, mar sin tá céimeanna 1 agus 2 (atá á gcur i bhfeidhm le trí bliana anuas) **agus** céimeanna 3 agus 4 curtha san áireamh i aon doiciméad amháin
- Coinnítear na Snáitheanna agus na Gnéithe a bhfuil na múinteoirí i dtaithí orthu
- Leagtar amach foghlaim teanga na leanaí don **Bhéarla agus don Ghaeilge,** i dTorthaí Foghlama soiléire do gach céim, ann
- Déantar cur síos ann ar na cineálacha taithí a chuidíonn le leanaí an dá theanga a fhoghlaim
- Cuirtear san áireamh ann cuid nua **'Curaclam Teanga na Bunscoile i bhfeidhm/Primary Language Curriculum in Practice'** ina gcuirtear treoir agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí ar chuir chuige oiriúnacha i dtreo teagaisc agus foghlama Teanga
- Tá tacaíocht ann ó Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile/ Primary Language Toolkit ar líne atá uasdátaithe agus forbatha ina bhfuil Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí/ Examples of Children's Language Learning, Contanaim Dul Chun Cinn/ Progression Continua agus Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí/ Support Materials for Teachers san áireamh; https://www.curriculumonline.ie/Primary?lang=ga-ie.

Tá tacaíocht don curaclam ar fáil ar spás ar líne atá athfhorbartha ina gcuirtear béim ar na torthaí foghlama agus ina gcuirtear na tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil le teagasc a dhéanamh ina leith.

Sa churaclam tugtar aitheantas agus tacaíocht do mhúinteoirí mar ghairmithe oilte a bhfuil an neamhspleáchas acu le príomhchinntí a dhéanamh maidir leis an teagasc agus an fhoghlaim ina scoil féin, ina gcuirtear san áireamh cinntí maidir le cad a fhoghlaimíonn na leanaí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad, an luas ag a bhfoghlaimíonn siad, agus na gníomhaíochtaí agus an taithí trína bhfoghlaimíonn siad.

Sa churaclam léirítear na prionsabail agus oideolaíochtaí de *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) agus tugann sé tacaíocht don leanúnachas idir foghlaim agus forbairt na leanaí i suíomhanna luath-óige agus sna ranganna naíonáin. Ina Shnáitheanna, Gnéithe agus Torthaí Foghlama, tagann an CTB/PLC le sonraíochtaí na sraithe sóisearaí don Bhéarla, Gaeilge agus Nuatheangacha Iasachta. Déanann sé seo soláthar don leanúnachas den taithí agus dul chun cinn i bhfoghlaim teanga agus na leanaí ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil go dtí an iarbhunscoil. Sa churaclam freisin déantar soláthar don dul chun cinn do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## 2. Clár Tacaíochta

Beidh scoileanna ar an eolas go gcuireann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM) i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil ar fáil chun an CTB/PLC a thabhairt isteach a thosú a chur i bhfeidhm.

Cuirfear tús le tréimhse trí bliana tacaíochta ar fáil ó 2019/20 go 2021/22 i mí Mheán Fómhair 2019 mar seo a leanas:

- Cuirfear seimineár lá iomlán amháin ar fáil do gach scoil i rith Théarma 1, 2019/20. Déanfaidh an seimineár seo ina mbeidh na baill foirne uile rannphháirteach iniúchadh ar an CTB/PLC (Naíonáin Shóisir go dtí Rang a sé agus suíomhanna speisialta) agus tabharfar breac-chuntas ar na himpleachtaí a bheadh ann don teagasc agus foghlaim teanga, i gcomhthéacs chur chuige na dtorthaí foghlama. Déanfaidh an tSeirbhís FGM/CNOS na seimineáir seo a éascú.
- Cuirfear clár tacaíochta marthanach in-scoile ar fáil do gach scoil, ar bhonn céimnithe ó Théarma 2, 2019/20. Beidh an clár á reáchtáil ar feadh na trí scoilbhliana, 2019/20, de bharr líon na mbunscoileanna a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh. I ngach ceann de na trí bliana beidh cohórt éagsúil scoileanna rannphháirteach, i.e. trí chohórt thar tréimhse trí bliana. **Tá an rannphháirtíocht ar bhonn roghnach** agus is gá do phríomhoide na scoile iarratas a dhéanamh air. Sa chlár seo déantar soláthar do suas le 6 chuairt tacaíochta in-scoile ón tSeirbhís FGM/CNOS, i gcomhréir le riachtanais aitheanta na scoile, agus de ghnáth bíonn na cuairteanna chuig na scoileanna ar siúl i rith na bliana iomláine. Cuirfidh an tSeirbhís FGM/CNOS sonraí iomlána faoi

phróiseas an iarratais leis an rannpháirtíocht a éascú sa chlár tacaíochta marthanach in-scoile roimh dheireadh 2019.

- Cuirfear sraith seimineár gréasáin ar fáil mar fhreagairt ar na riachtanais sa chóras agus na múinteoirí agus scoileanna ag dul i mbun an churaclaim. Beidh an chéad cheann de na seimineáir ghréasáin seo ar fáil go luath in 2020.
- Beidh seimineáir ceannaireachta bhliantúla ar fáil do phríomhoidí scoile thar an tréimhse trí bliana. Sna seimineáir seo tabharfar faoin téama maidir le hAthrú Curaclaim a Threorú don CTB/PLC. Beidh cumhdach ionadaithe ar fáil, más gá, ionas go mbeidh príomhoidí in ann freastal ar na seimineáir seo.

## 3. Dúnadh Scoileanna

Tuigeann an Roinn gur gá do na scoileanna a bheith rannpháirteach ag leibhéal na scoile-uile chun na hathruithe cleachtas inmhianaithe a bhaint amach ionas go mbeidh fíorthionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí. Tá gá le h-am agus tacaíocht lena chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht láidir agus réamhphleanáil déanta ag na scoileanna chun na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm leis an stíl curaclaim nua seo a leabú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh scoileanna leas a bhaint astu seo a leanas:

**Scoilbhliain 2019/20**

a) Dúnadh scoile ar feadh lá iomlán amháin do **gach** scoil do sheimineár do na baill foirne ar fad i dTéarma 1, 2019/20 (curtha ar fáil ag an tSeirbhís FGM/CNOS)

b) Dúnadh scoile ar feadh leathlá amháin do **gach** scoil le rannpháirtíocht na mball foirne ar fad a éascú do **gach** seimineár gréasáin, i.e. dúnadh ar feadh leathlá amháin do gach seimineár gréasáin (á threorú ag na scoileanna iad féin). Beidh dhá sheimineár gréasáin curtha ar fáil sa scoilbhliain 2019/20, ceann amháin i mí Eanáir 2020 agus ceann eile i mí Aibreáin 2020

c) Chomh maith le a) agus b) thuas, uasmhéid de dhúnadh scoile ar feadh trí leathlá don **chéad chohórt** de scoileanna atá rannpháirteach sa tsamhail tacaíochta mharthanach in-scoile, mar atá luaite i gCuid 2 thuas.

**Scoilbhliain 2020/21**

a) Dúnadh scoile ar feadh leathlá amháin do **gach** scoil le rannpháirtíocht na mball foirne ar fad a éascú do **gach** seimineár gréasáin (suas go dtí trí sheimineár gréasáin ar a mhéid) de réir mar a bhíonn sé ar fáil, i.e. dúnadh scoile ar feadh leathlá amháin do gach seimineár gréasáin (á threorú ag na scoileanna iad féin)
b) Chomh maith le a) thuas, dúnadh scoile ar feadh trí leathlá ar a mhéid don **dara cohórt** de scoileanna atá rannpháirteach sa tsamhail tacaíochta mharthanach in-scoile, mar atá luaite i gCuid 2 thuas.

**Scoilbhliain 2021/22**

a) Dúnadh scoile ar feadh leathlá amháin do **gach** scoil le rannpháirtíocht na mball foirne ar fad a éascú do **gach** seimineár gréasáin (suas go dtí trí sheimineár gréasáin ar a mhéad) de réir mar a bhíonn sé ar fáil, i.e. dúnadh scoile ar feadh leathlá amháin do gach seimineár gréasáin (á threorú ag na scoileanna iad féin)
b) Chomh maith le a) thuas, dúnadh scoile ar feadh trí leathlá ar a mhéad don **chohórt deiridh** de scoileanna atá rannpháirteach sa tsamhail tacaíochta mharthanach in-scoile, mar atá luaite i gCuid 2 thuas.

**Socruithe do Dhúnadh na Scoile**

Seachas an seimineár i dTéarma 1 2019/20, atá á chur ar fáil ag an tSeirbhís FGM/CNOS éascóidh na scoileanna féin gach dúnadh eile dá dtagraítear i Roinn 3 thuas. Beidh an t-údarás ag scoileanna dúnadh na scoile a phleanáil de réir mar a oireann sé dá riachtanais agus comhthéacs. Mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna i gcohórt 1 cinneadh a dhéanamh in 2019/20 dúnadh na scoile ar feadh leathlá do sheimineár gréasáin (á threorú ag na scoileanna iad féin) a chur le dúnadh na scoile ar feadh leathlá do thacaíocht mharthanach (luaite i gCuid 2 thuas), agus an scoil a dhúnadh ar feadh lá iomlán dá bharr. Ach, ní féidir dhá sheimineár gréasáin a chur le chéile i ndúnadh scoile ar feadh lá iomlán amháin, mar go mbeidh na seimineáir ghréasáin curtha ar fáil ar bhonn céimnithe chun freagairt do riachtanais um fhorbairt ghairmiúil a thagann chun cinn.

## 4. Cur i bhFeidhm

Leanfaidh na scoileanna orthu ag cur i bhfeidhm céimeanna 1 agus 2 de Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB/PLC) do na Naíonáin Shóisir go dtí Rang a dó agus i suíomhanna speisialta. Beidh an CTB/PLC do **gach rang** (céimeanna 1–4) ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2019.

I 2019/20, táthar ag súil go ndéanfaidh múinteoirí na nithe seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh agus céimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisir go dtí Rang a dó, agus suíomhanna speisialta) den CTB/PLC a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an gcuraclam a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2019[1]
- Iad féin a chur ar an eolas maidir le réasúnaíocht, aidhmeanna, snáitheanna, gnéithe, torthaí foghlama agus smaointe móra an churaclaim do chéimeanna 1–4 don dá theanga, Béarla agus Gaeilge. I gCuid 6 de dhoiciméad an churaclaim cuirtear treoir ar fáil maidir leis na cuir chuige oiriúnacha d'fhoghlaim teanga agus breathnaítear ar réimsí ar nós tacú leis an dara teanga a fhoghlaim, litearthacht dhigiteach, litearthacht thraschuraclaim, éagsúlacht teangacha, súgradh agus cuir chuige eile do theagasc agus d'fhoghlaim teanga
- Bheith rannpháirteach i sraith seimineár gréasáin an CTB/PLC a chuirfidh an tSeirbhís FGM ar fáil ar bhonn téarmúil. Moltar do scoileanna na smaointe atá á gcur i láthair sa seimineár gréasáin a phlé/a scagadh/a iniúchadh/a léiriú i dtaca le comhthéacs a scoile féin
- Eolas a chur ar raon na nÁbhar Tacaíochta/Support Materials agus Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí/Examples of Children's Language Learning/ atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie/Home?lang=ga-ie agus tús a chur lena n-úsáid ionas go mbeidh siad mar bhonn eolais do theagasc an Bhéarla agus na Gaeilge.
- Freastal ar sheimineár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) atá á éascú ag an tSeirbhís FGM agus/nó an CNOS.

[1] Rinneadh na torthaí foghlama a bheachtú agus a choigeartú ag céimeanna 1 agus 2. Cé gur mionrudaí a d'fhéadfadh bheith i gceist leo seo, níl na torthaí díreach mar an gcéanna le leagan 2015. Cuireadh feabhas ar an leagan amach, agus bogadh na contanaim dul chun cinn go dtí na huirlisí ar líne. Tá sé tábhachtach go dtuigeann múinteoirí gur as leagan 2019 a bheidh siad ag obair.

Táthar ag súil go dtabharfaidh foirne ceannaireachta scoile tacaíocht do mhúinteoirí agus iad ag cur eolais ar an CTB/PLC trí na nithe seo a leanas:

- Plé agus comh-mhachnamh foirne agus foghlaim agus pleanáil fhoireann na scoile-uile a threorú lena chinntiú go gcuirtear an CTB/PLC i bhfeidhm ar bhonn incriminteach.
- Spreagadh a thabhairt do mhúinteoirí le heolas a chur ar raon na n-ábhar tacaíochta in Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile ar líne atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie/Home?lang=ga-ie agus iad a úsáid chun tacú leis an gcleachtas sa seomra ranga
- Úsáid a bhaint as cruinnithe foirne/uaireanta Pháirc an Chrócaigh le múinteoirí a spreagadh le bheith rannpháirteach i sraith seimineár gréasáin an CTB/PLC a chuirfidh an tSeirbhís FGM ar fáil ar bhonn téarmúil
- Iarratas a dhéanamh chuig an tSeirbhís FGM ar chuairteanna tacaíochta marthanacha chun cuidiú leis an CTB/PLC a chur i bhfeidhm
- Úsáid a bhaint as dúnadh roghnach na scoile agus as seimineáir ghréasáin chun tacú leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí maidir le tús a chur leis an CTB/PLC a fheidhmiú , cad a chiallaíonn sé seo maidir le taithí foghlama a gcuid leanaí, agus maidir le dúnadh na scoile le haghaidh FGL na foirne
- Gné, toradh foghlama nó cur chuige oideolaíochta ón CTB/PLC a chur san áireamh mar réimse fócais tosaíochta do phróiseas Féinmheastóireachta na Scoile don scoilbhliain in 2019/20.

## 5. Pleanáil Scoile agus Pleanáil Ranga

Tá sé tábhachtach go mbeadh pleanáil scoile agus ranga éifeachtach ann don teagasc agus don fhoghlaim le heolas a chur ar CTB/PLC. Ba chóir do scoileanna agus múinteoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is fearr don phleanáil bunaithe ar a gcomhthéacsanna ar leith. Ag leibhéal na scoile, ba chóir don phleanáil cuidiú leis an scoil soláthar a dhéanamh do chur i bhfeidhm an CTB/PLC ionas go gcuirtear an leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na ndaltaí chun cinn. Ag leibhéal an tseomra ranga, ba chóir go

gcinnteofaí sa phleanáil go bhfuil dóthain ullmhúcháin ann chun tacú le teagasc agus foghlaim agus tacaíocht foghlama teanga ar ardchaighdeán do gach dalta.

Tugann próiseas na pleanála don teagasc, foghlaim agus measúnú an deis do mhúinteoirí an bealach is fearr a aimsiú chun an CTB/PLC a chur i bhfeidhm ina suíomhanna féin agus le tacú leis na chéad chéimeanna eile d'fhoghlaim na leanaí. San ullmhúchán don teagasc déantar na torthaí foghlama ar a bhfuil an rang ag obair a shoiléiriú; na cuir chuige ar leith a roghnaíonn an múinteoirí le tacú le daltaí leis na torthaí sin a bhaint amach, agus an bealach ina ndéanfaidh an múinteoir measúnú agus monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí. Bíonn próiseas na pleanála difriúil ó mhúinteoir go múinteoir, ach ba chóir dóibh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Pleanáil a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais, buanna agus spéiseanna na leanaí ina seomra ranga
- Pleanáil a dhéanamh i gcomhréir leis na torthaí foghlama atá leagtha amach i gCéimeanna 1–4 an CTB/PLC, 2019
- Úsáid a bhaint as a rogha ghairmiúil le cinneadh a dhéanamh conas pleanáil a dhéanamh don teagasc agus foghlaim, ag baint leasa as an eolas atá acu faoi láidreachtaí agus riachtanais foghlama na ndaltaí, agus cad é an bealach is fearr le freagairt do na riachtanais seo
- Úsáid a bhaint as an teimpléad nó rúibric pleanála is fearr a oireann dá riachtanais. Leis an gcur chuige seo is féidir leis an gcleachtóir dul i mbun cur i bhfeidhm agus smaoineamh faoi ar bhealach a dhéanann ciall dóibh, agus prionsabail an CTB/PLC á gcoinneáil chun tosaigh ag an am céanna. Ag eascairt as an gcur chuige seo, tosóidh múinteoirí, ina n-aonair nó i gcomhar le múinteoirí eile, cur chuige pleanála a chruthú atá úsáideach chun a gcleachtas a threorú, ina gcomhthéacs féin.
- A chinntiú go bhfuil an phleanáil dírithe ar thaithí foghlama teanga atá saibhir agus barántúil á chur ar fáil do leanaí a thabharfaidh tacaíocht dóibh a dtorthaí foghlama a bhaint amach mar atá leagtha amach san CTB/PLC.

Tuigeann an Roinn gur pleanáil triallach agus dhinimiciúil atá i gceist leis an bpleanáil ag an gcéim seo de chur i bhfeidhm an CTB/PLC, ina léirítear eolas agus tuiscint na múinteoirí, atá ag forbairt, ar an gcuraclam nua agus a

fhreagraíonn do riachtanais na leanaí ina seomraí ranga. Dá réir sin, molann an Roinn do mhúinteoirí pleananna foghlama teanga atá soiléir agus gearrthéarmach a fhorbairt ina ndéantar machnamh, meastóireacht agus leasú orthu i bhfianaise na taithí.

## 6. Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

www.ncca.ie/ga
www.curriculumonline.ie/Home?lang=ga-ie
www.pdst.ie/ga/node/4788
www.ncse.ie
http://schoolself-evaluation.ie/primary/ga/

Evelyn O'Connor

Evelyn O'Connor
Príomhoifigeach
Aonad Polasaí Curaclaim & Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

2 Meán Fómhair 2019